AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2026
COM(2026) 535 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil ar fheidhmiú agus éifeacht an Rialacháin maidir le Seirbhísí Calafoirt

GA

GA

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil ar fheidhmiú agus éifeacht an Rialacháin maidir le Seirbhísí Calafoirt

1. RÉAMHRÁ

Oibríonn os cionn 1 000 calafort muirí tráchtála feadh 60 000 km d'imeallbhord san Aontas Eorpach. Fágann sé sin go bhfuil an tAontas ar cheann de na réigiúin ar domhan ina bhfuil an líon is mó calafort. Tá 327[1] de na calafoirt sin mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair – a bhfuil 97 díobh sa 'chroíghréasán' agus a bhfuil 230 díobh sa ghréasán 'cuimsitheach'.

Tá trí phríomhchuspóir ag Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán')[2]. Is é an chéad chuspóir creat a áirithiú chun seirbhísí calafoirt a sholáthar. Is é an dara cuspóir a áirithiú go mbeidh creat iomchuí i bhfeidhm chun na hinfheistíochtaí is gá a mhealladh i gcalafoirt mhuirí uile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Is é an tríú cuspóir cothrom iomaíochta Eorpach a áirithiú laistigh de chalafoirt ar fud na hEorpa agus ina measc.

Mar a shonraítear in aithris (10), leis an Rialachán seo, ní fhorchuirtear múnla sonrach maidir le bainistiú calafort muirí agus ní dhéanann sé difear ar dhóigh ar bith d'inniúlacht na mBallstát seirbhísí leasa ghinearálta nach den gheilleagar iad a sholáthar, i gcomhréir le dlí an Aontais. Is féidir leas a bhaint as múnlaí éagsúla maidir le bainistiú calafort faoin Rialachán, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus na rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais a leagtar amach sa Rialachán seo.

I gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán, bhí sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún an tuarascáil sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná an 24 Márta 2023. Ar dhá chúis, ní féidir an tuarascáil seo a chur ar fáil anois ach in 2026: (i) moilleanna a thabhaítear i mBallstáit a sholáthraíonn an fhaisnéis a iarrtar orthu; agus (ii) rátaí freagartha malla ó gheallsealbhóirí ar cheistneoir[3].

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar thionchar chur chun feidhme an Rialacháin. Tá sé beartaithe mar léargas ar chur chun feidhme reatha an Rialacháin agus ar fheidhmiú an Rialacháin, agus cuirtear san áireamh ann freisin aon dul chun cinn a rinneadh mar chuid de

[1] 283 chalafort agus 44 chalafort mheasctha a bhfuil calafort agus calafort intíre i gceist leo.

[2] Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort, IO L 57, 3.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/352/oj.

[3] Mar chuid de staidéar tacaíochta atá ar conradh ag an gCoimisiún chun sonraí a bhailiú agus chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha. Tá an staidéar tacaíochta i gceangal leis an tuarascáil seo.

Choiste an Aontais um Idirphlé Earnála in Earnáil na gCalafort, mar a cheanglaítear le hAirteagal 20 den Rialachán. Ní meastóireacht ar an Rialachán í an tuarascáil seo.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar na nithe seo a leanas:

– fógraí ó na Ballstáit i gcur i bhfeidhm an Rialacháin;

– torthaí staidéir tacaíochta (arna fhoilsiú in éineacht leis an tuarascáil seo) arna chonrú ag an gCoimisiún chun sonraí a bhailiú agus chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha trí cheistneoirí agus agallaimh spriocdhírithe;

– malartuithe leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí sa tionscal muirí mar chuid de Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin, Fóram Eorpach um Chalafoirt[4];

– malartuithe faisnéise le húdaráis na mBallstát atá i gceannas ar chalafoirt mhuirí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas[5].

Is laistigh den Fhóram Eorpach um Chalafoirt, ar grúpa saineolaithe é a bhunaigh an Coimisiún, a dhéantar idirphlé idir an Coimisiún, na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar chalafoirt agus na geallsealbhóirí éagsúla ó na hearnálacha muirí agus calafoirt.

Bunaíodh an Fóram Eorpach um Chalafoirt mar shainghrúpa de chuid an Choimisiúin i mí na Bealtaine 2017. Is é an misean atá aige faisnéis a mhalartú agus comhairle a chur ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le calafoirt agus go háirithe comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le tionscnaimh chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin a chur chun cinn agus chun tacú leis.

Tá an Fóram Eorpach um Chalafoirt comhdhéanta d'údaráis ó 27 mBallstát, eintitis phoiblí eile, (e.g. Ballstáit LEE), agus 15 eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar ghairmeacha agus ar thionscail an chalafoirt.

Tháinig an Fóram Eorpach um Chalafoirt le chéile 10 n-uaire ó bunaíodh í agus phléigh sí réimse leathan saincheisteanna a bhfuil leas díreach ag earnáil na gcalafort iontu. Ó bunaíodh é, phléigh sé go háirithe príomhfhorálacha áirithe den Rialachán, agus go háirithe na forálacha sin maidir leis an méid seo a leanas: (i) rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt; (ii) trédhearcacht; (iii) muirir; (iv) comhairliúcháin; (v) sásra láimhseála gearán; agus (vi) forálacha idirthréimhseacha.

Sa chomhthéacs sin, bhailigh an Coimisiún ceisteanna maidir le forálacha áirithe den Rialachán agus chuir sé tásca ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Tá na ceisteanna a glacadh agus na freagraí a tugadh ar fáil mar iarscríbhinn a ghabhann le miontuairiscí an tríú cruinniú den Fhóram Eorpach um Chalafoirt a tionóladh an 14 Nollaig 2018.

[4] Fóram Eorpach um Chalafoirt (E03542), https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&do=groupDetail.groupDetail&groupID=3542.

[5] Mar a cheanglaítear le hAirteagail 16 (Gearáin a láimhseáil), 17 (Údaráis ábhartha) agus 19 (Pionóis) den Rialachán.

I measc na n-ábhar eile a pléadh san Fhóram Eorpach um Chalafoirt bhí an méid seo a leanas: (i) tionscnaimh reachtacha nó beartais atá molta ag an gCoimisiún ó bunaíodh an grúpa saineolaithe; (ii) deiseanna cistiúcháin agus maoiniúcháin do chalafoirt; (iii) staidéir a rinne sainchomhairleoirí thar ceann an Choimisiúin; (iv) malartuithe ar shamplaí den dea-chleachtas in earnáil an chalafoirt; (v) aiseolas ó fhoghrúpaí an Fhóraim Eorpaigh um Chalafoirt; agus (vi) aiseolas ginearálta ó gheallsealbhóirí.

Chun sonraí a bhailiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, rinne an Coimisiún conradh le seirbhísí sainchomhairleora le haghaidh sannadh dar teideal *Support Study for the Report on The Implementation of the Regulation Establishing a Framework for the Provision of Port Services and Common Rules on The Financial Transparency of Ports (EU) 2017/352* [Staidéar Tacaíochta le haghaidh na Tuarascála ar Chur Chun Feidhme an Rialacháin lena mbunaítear Creat chun Seirbhísí Calafoirt a Sholáthar agus Rialacha Coiteanna maidir le Trédhearcacht Airgeadais Calafort (AE) 2017/352][6].

Ba é cuspóir an tsannta forléargas a fhorbairt chun tacú leis an tuarascáil cur chun feidhme seo tríd an dá rud seo a leanas: (i) ceistneoirí spriocdhírithe do na Ballstáit, do chomhlachtaí bainistithe calafoirt, do sholáthraithe seirbhísí calafoirt agus do chuideachtaí loingseoireachta; agus (ii) agallaimh spriocdhírithe ar chomhlachtaí bainistíochta calafoirt agus ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt. Léirítear sa staidéar aimsithe fíoras léargas ar chur chun feidhme an Rialacháin.

Cumhdaítear leis an staidéar an tréimhse idir mí Eanáir 2023 agus mí Aibreáin 2024. Mhair sé 12 mhí ar dtús ach cuireadh síneadh leis mar gheall ar an ráta freagartha mall a bhí ag roinnt Ballstát agus geallsealbhóirí ar na ceistneoirí.

Sa chomhthéacs sin, níor fhreagair na húdaráis atá ag 8 as na 22 Bhallstát mhuirí – níos mó ná aon trian – na ceistneoirí, d'ainneoin roinnt meabhrúchán, lena n-áirítear ón gCoimisiún. Ba shaincheist leis na geallsealbhóirí í an easpa freagartha céanna. Níor fhreagair comhlachtaí bainistíochta calafoirt ó 10 mBallstát – is é sin, beagnach leath díobh – an ceistneoir ar chor ar bith agus níor thug 6 cinn eile freagra ach go páirteach. Bhí an scéal níos fearr i gcás soláthraithe seirbhísí calafoirt. Ní bhfuarthas freagraí leordhóthanacha go fóill ó 7 mBallstát, ach fuarthas tacair iomlána freagraí óna n-ionadaithe i 15 Bhallstát.

Mar a cuireadh i dtábhacht sna léarscáileanna a áirítear sa staidéar tacaíochta, bhí an ráta freagartha foriomlán neamhchothrom, agus níor thug roinnt Ballstát nó geallsealbhóirí ach freagraí páirteacha nó níor thug siad aon fhreagra ar chor ar bith, d'ainneoin iarrataí arís agus arís eile ar aiseolas ón sainchomhairleoir agus ón gCoimisiún araon. Mar thoradh air sin, ní mór a bheith cúramach maidir le hionadaíochas thorthaí an staidéir.

2. CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN DE RÉIR CAIBIDLE

[6] an Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Staidéar tacaíochta don Tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (AE) 2017/352*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026, ISBN: 978-92-68-36569-4, https://op.europa.eu/publication/manifestation_identifier/PUB_MI0126001ENN.

2.1. Caibidil I: Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

I gCaibidil I den Rialachán, ina bhfuil **Airteagail 1 agus 2**, leagtar amach creat ginearálta an Rialacháin.

Airteagal 1 den Rialachán (ábhar agus raon feidhme)

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le calafoirt mhuirí uile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (a bhfuil Rialachán (AE) 2024/1679 curtha ina ionad)[7].

Mar sin féin, faoi Airteagal 1(5) den Rialachán, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh an gcuirfidh nó nach gcuirfidh siad an Rialachán seo i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí den ghréasán 'cuimsitheach' atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí. Thug an Phortaingéil fógra den sórt sin. Ar an gcuma chéanna, tá cead ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí nach bhfuil ar an ngréasán tras-Eorpach iompair[8]. Dá bhrí sin, tá an Rialachán infheidhme faoi láthair maidir le gach ceann de na 97 gcalafort de chuid an chroíghréasáin agus 230 calafort de chuid an ghréasáin 'chuimsithigh'.

Maidir le **raon feidhme ábhartha** an Rialacháin, tá feidhm aige maidir le soláthar na gcatagóirí seo a leanas de sheirbhísí calafoirt, bídís laistigh de limistéar an chalafoirt nó ar an rochtain uiscebhealaí ar an gcalafort: (i) buncaeireacht; (ii) múráil; (iii) dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus iarmhar lasta a bhailiú; agus (iv) tuáil.

Airteagal 2 den Rialachán (sainmhínithe)

Chuir roinnt Ballstát agus geallsealbhóirí ceisteanna isteach maidir le léirmhíniú roinnt de na sainmhínithe atá in Airteagal 2. Roinn an Coimisiún na ceisteanna agus na freagraí mar chuid d'obair an Fhóraim Eorpaigh um Chalafoirt.

2.2. Caibidil II: Seirbhísí calafoirt a sholáthar

I gCaibidil II den Rialachán**,** ina gcuimsítear **Airteagail 3 go 10,** tá rialacha a bhaineann le soláthar seirbhísí calafoirt, is iad sin: (i) seirbhísí calafoirt a eagrú; (ii) íoscheanglais maidir le soláthar seirbhísí calafoirt; (iii) an nós imeachta chun comhlíonadh na n-íoscheanglas a áirithiú; (iv) teorannuithe ar an líon soláthraithe seirbhísí calafoirt; (v) na hoibleagáidí seirbhíse poiblí; (vi) oibreoirí inmheánacha; (vii) cearta fostaithe a chosaint; agus (viii) díolúintí.

Airteagal 3 den Rialachán (seirbhísí calafoirt a eagrú)

[7] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj.

[8] Go dtí seo, níor thug aon Bhallstát fógra den sórt sin.

Tugtar breac-chuntas ginearálta san Airteagal seo ar na rialacha a bhaineann le seirbhísí calafoirt a eagrú agus cuirtear tuilleadh leis an gcuntas in airteagail ina dhiaidh sin. Cumhdaítear leis na rialacha sin saincheisteanna amhail: (i) íoscheanglais; (ii) teorannuithe ar an líon soláthraithe; (iii) na hoibleagáidí seirbhíse poiblí; agus (iv) srianta a bhaineann le hoibreoirí inmheánacha.

Fuarthas amach sa staidéar gurbh iad íoscheanglais an coinníoll ba mhinice a cuireadh i bhfeidhm maidir le seirbhísí calafoirt, agus ina dhiaidh sin teorainneacha ar an líon soláthraithe agus ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí. Níor cuireadh srianta a bhaineann le hoibreoirí inmheánacha i bhfeidhm ach ar éigean, má cuireadh i bhfeidhm riamh iad. Mar sin féin, bhí an chuid is mó de na coinníollacha sin i bhfeidhm cheana féin sular cuireadh an Rialachán i bhfeidhm. Comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt a chuir na coinníollacha sin i bhfeidhm den chuid is mó, toisc nár fhorchuir formhór na mBallstát, cé is moite de dhá eisceacht, aon cheann de na coinníollacha sin.

Airteagal 4 den Rialachán (íoscheanglais maidir le soláthar seirbhísí calafoirt)

Fuarthas amach sa staidéar gur luaigh gach soláthraí seirbhíse calafoirt a d'fhreagair an suirbhé nach mór dóibh íoscheanglais a chomhlíonadh. Dúirt formhór na soláthraithe a d'fhreagair an suirbhé nár tugadh isteach athruithe ar na ceanglais sin le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, chuir gach comhlacht bainistíochta calafort íoscheanglais i bhfeidhm maidir le feidhmíocht seirbhísí calafoirt.

Agus Airteagal 4(3) den Rialachán á agairt acu, chuir trí Bhallstát – an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn – an Coimisiún ar an eolas faoina gcinneadh ceanglas maidir le 'bratach náisiúnta' a fhorchur ar shoithí uisce-iompartha a úsáidtear go príomha le haghaidh oibríochtaí tuála i gcalafoirt atá lonnaithe ar a gcríocha (i.e. b'éigean soithí tuála a chlárú faoi bhratach na tíre inar sholáthair siad seirbhísí). Ina dhiaidh sin, fuair an Coimisiún gearán faoi chur chun feidhme Airteagal 4(3) den Rialachán in aghaidh ceann de na Ballstáit sin. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú in aghaidh na dtrí Bhallstát a bhaineann leis an gceanglas 'bratach náisiúnta' sin: INFR(2025)2080 – An Fhrainc, INFR(2025)2081 – An Iodáil agus INFR(2025)4021 – An Spáinn.

Airteagal 5 den Rialachán (nós imeachta chun comhlíonadh na n-íoscheanglas a áirithiú)

Fuarthas amach sa staidéar gur fhreagair formhór mór na soláthraithe seirbhíse calafoirt go bhfuair siad freagra ar a n-iarraidh an tseirbhís chalafoirt a sholáthar laistigh de mhí amháin. In dhá chás, thuairiscigh soláthraithe seirbhíse calafoirt gur dhiúltaigh siad dá n-iarraidh an tseirbhís calafoirt a sholáthar ar bhonn na n-íoscheanglas.

Airteagal 6 den Rialachán (teorainneacha ar an líon soláthraithe seirbhísí calafoirt)

Agus úsáid á baint aici as Airteagal 6(1) den Rialachán, chinn an Phortaingéil[9] an chumhacht a thabhairt dá calafoirt sa ghréasán 'cuimsitheach' (nach gcomhlíonann critéir Airteagal 20(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013[10]) teorainn a chur leis an líon soláthraithe seirbhíse i ndáil le seirbhís calafoirt ar leith.

Fuarthas amach sa staidéar gur chinn thart ar leath de na freagróirí i measc chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort srianta den sórt sin a fhorchur agus nár fhorchuir thart ar leath díobh aon cheanglas den sórt sin. Thug comhlachtaí bainistíochta uile na gcalafort a luaigh go bhfuil teorainneacha i bhfeidhm acu le fios go raibh na teorainneacha sin i bhfeidhm cheana féin sular cuireadh an Rialachán i bhfeidhm. Go ginearálta, is í an bhuncaeireacht an tseirbhís chalafoirt is lú teorainn, agus is iad píolótaíocht agus tuáil na seirbhísí is teoranta, lena n-áirítear trí cheanglas 'bratach náisiúnta' a fhorchur le haghaidh tugaí. Baineann na príomhchúiseanna a thugann comhlachtaí bainistíochta le teorainneacha a fhorchur le feidhmíocht oibleagáidí seirbhíse poiblí agus leis an ngá atá le hoibríochtaí calafoirt atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú. Soláthraíonn roinnt comhlachtaí bainistíochta calafort cuid de na seirbhísí calafoirt iad féin nó trí eintiteas atá faoina rialú, agus chinn roinnt comhlachtaí bainistíochta de chuid an chalafoirt an líon soláthraithe a theorannú do cheann amháin.

Airteagal 7 den Rialachán (oibleagáidí seirbhíse poiblí)

Fuarthas amach sa staidéar go ndearna dhá Bhallstát – an Bheilg agus an Phortaingéil – an ceart chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar chomhlachtaí bainistíochta an chalafoirt. Ina theannta sin, cuireann calafort Fionlannach amháin agus calafort Iodálach amháin oibleagáidí seirbhíse poiblí i bhfeidhm freisin. I ndáil leis sin, is ag píolótaíocht, tuáil, múráil agus bailiú dramhaíola atá an líon is mó oibleagáidí seirbhíse poiblí.

Airteagal 8 den Rialachán (oibreoir inmheánach)

Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil oibreoirí inmheánacha[11] i mBallstát amháin (an Danmhairg) sách coitianta, agus go bhfuil roinnt oibreoirí inmheánacha ann freisin le haghaidh roinnt seirbhísí calafoirt i roinnt calafort sa Bheilg, sa Chróit, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Laitvia agus sa Phortaingéil. Na seirbhísí calafoirt a bhfuil sé tuairiscithe ag oibreoirí inmheánacha go bhfuil siad á ndéanamh, is seirbhísí calafoirt iad uile a chumhdaítear leis an Rialachán, agus ní sheasann aon seirbhís calafoirt ar leith amach maidir leis an líon tarluithe.

Airteagal 9 den Rialachán (cearta fostaithe a chosaint)

Fuarthas amach sa staidéar gur éiligh formhór chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort cheana féin go ráthófaí dálaí oibre foirne iomchuí sular cuireadh an Rialachán i bhfeidhm, agus

[9] Dlí Foraithne Uimh. 9/2022 an 11 Eanáir 2022

[10] Airteagal 25(4)(b) de Rialachán (AE) 2024/1679.

[11] Féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, a chinneadh seirbhís chalafoirt a sholáthar é féin nó déanamh amhlaidh trí eintiteas atá leithleach go dlíthiúil a fheidhmíonn méid rialaithe is comhchosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin.

d'aistrigh ceithre chalafort cearta agus oibleagáidí soláthraí seirbhísí calafoirt a bhí ag éirí as go dtí an soláthraí nua.

Airteagal 10 den Rialachán (díolúintí)

Níl feidhm ag Caibidil II (maidir le soláthar seirbhísí calafoirt) ná ag Airteagal 21 (maidir le bearta idirthréimhseacha) den Rialachán maidir le láimhseáil lasta, seirbhísí paisinéirí ná píolótaíocht. Mar sin féin, de réir Airteagal 10(2) den Rialachán, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh Caibidil II agus Airteagal 21 araon a chur i bhfeidhm maidir le píolótaíocht. Bhain Ballstát amháin, an tSlóivéin, leas as an bhféidearthacht sin[12].

2.3. Caibidil III: Trédhearcacht airgeadais agus uathriail

I gCaibidil III den Rialachán, ina gcuimsítear **Airteagail 11 go 13,** tá rialacha a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir údaráis phoiblí agus comhlacht bainistíochta calafoirt; (ii) muirir ar sheirbhísí calafoirt; agus (iii) muirir bonneagair calafoirt.

Is fiú a thabhairt faoi deara, cé go n-eisiatar le hAirteagal 10(1) láimhseáil lasta, seirbhísí paisinéirí agus píolótaíocht ó raon feidhme chur i bhfeidhm Chaibidil II, go gcumhdaítear na trí sheirbhís sin uile le forálacha Chaibidil III.

Airteagal 11 den Rialachán (trédhearcacht an chaidrimh airgeadais)

Fuarthas amach sa staidéar go ndearna comhlacht bainistíochta amháin de chuid calafoirt agus roinnt soláthraithe seirbhíse calafoirt oiriúnuithe ar a gcórais chuntasaíochta ó glacadh an Rialachán. Ráthaítear trédhearcacht airgeadais do chomhlachtaí bainistithe calafoirt agus do sholáthraithe seirbhísí calafoirt araon trí chuntais nó tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú, agus trí iniúchtaí nó aighneachtaí chuig eintitis rialtais ainmnithe. Tá faisnéis níos mionsonraithe curtha ar fáil sa staidéar tacaíochta maidir leis an méid seo a leanas: (i) deighilt na gcistí poiblí a fuarthas chun seirbhísí calafoirt nó gníomhaíochtaí dreidireachta a sholáthar ó chistí a leithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí eile (Airteagal 11(2) den Rialachán); (ii) gearáin (Airteagal 11(5) den Rialachán); (iii) cistí poiblí nua (Airteagal 11(6) den Rialachán); (iv) cúiteamh as oibleagáidí seirbhíse poiblí (Airteagal 11(7) den Rialachán); agus (iv) an rogha – nach n-úsáideann aon Bhallstát – gan Airteagal 11(2) a chur i bhfeidhm maidir lena gcalafoirt líonra 'cuimsitheacha' (Airteagal 11(8) den Rialachán). Léiríodh sa staidéar go raibh na ceanglais maidir le deighilt chuntasaíochta éifeachtach.

Airteagal 12 den Rialachán (muirir seirbhíse calafoirt)

Fuarthas amach sa staidéar gur thug thart ar aon trian de na comhlachtaí bainistíochta calafoirt a d'fhreagair an suirbhé le fios go bhfuil muirir seirbhíse calafoirt comhtháite in íocaíochtaí eile. Dheimhnigh soláthraithe seirbhísí calafoirt nach n-áirítear muirir seirbhíse calafoirt in

[12] Uradni list RS (Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine) Uimh. 11/20.

íocaíochtaí eile de ghnáth, toisc go n-íocann cliaint muirir seirbhíse calafoirt go díreach leis an soláthraí seirbhíse. Is beag gearán foirmiúil a rinneadh le linn na tréimhse idir mí Eanáir 2023 agus mí Aibreáin 2024 leis na húdaráis ábhartha sna Ballstáit maidir le muirir ar sheirbhísí calafoirt nó iarrataí ar fhaisnéis a sholáthar don údarás ábhartha.

Airteagal 13 den Rialachán (muirir bonneagair calafoirt)

Fuarthas amach sa staidéar gur féidir muirir ar bhonneagar calafoirt a shainaithint go héasca i gcás fhormhór mór na soláthraithe seirbhíse calafoirt. Ó glacadh an Rialachán, thug cúig chomhlacht bainistíochta calafort éagsúlachtaí isteach i muirir bonneagair calafoirt ar na cúiseanna a luaitear in Airteagal 13(4). Os a choinne sin, dhearbhaigh beagnach trí cheathrú de na soláthraithe seirbhíse calafoirt a d'fhreagair gur athraíodh muirir bonneagair calafoirt le linn na tréimhse sin agus i mbeagnach gach cás cuireadh na hathruithe sin in iúl in am trátha. Ina theannta sin, i dtrí chás tugadh le fios san aiseolas ó gheallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo nach raibh muirir bonneagair calafoirt ailínithe le prionsabail na trédhearcachta a leagtar síos sa Rialachán. I mbeagnach gach cás, cuirtear muirir bonneagair calafoirt ar fáil don phobal. Ar deireadh, maidir le gearáin a bhaineann le muirir bonneagair calafoirt a fuair na húdaráis náisiúnta, luaigh an ceathrú cuid de chomhlachtaí bainistíochta calafoirt gur iarradh orthu faisnéis a chur ar fáil don údarás ábhartha.

2.4. Caibidil IV: Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha

I gCaibidil IV den Rialachán, ina bhfuil **Airteagail 14 go 22**, tá rialacha a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) oiliúint foirne; (ii) dul i gcomhairle le húsáideoirí calafort agus le geallsealbhóirí eile (iii) gearáin a láimhseáil; (iv) údaráis ábhartha; (v) achomhairc; agus (vi) pionóis.

Airteagal 14 den Rialachán (oiliúint a chur ar na foirne)

Fuarthas amach sa staidéar go raibh ar cheithre sholáthraí seirbhísí calafoirt a gcleachtais a athrú maidir le hoiliúint na bhfoirne ó cuireadh an Rialachán i bhfeidhm.

Airteagal 15 den Rialachán (dul i gcomhairle le húsáideoirí calafort agus le geallsealbhóirí eile)

Fuarthas amach sa staidéar go ndeachaigh beagnach gach comhlacht bainistíochta de chuid calafoirt i gcomhairle le húsáideoirí calafoirt agus le geallsealbhóir sular cuireadh an Rialachán i bhfeidhm. Dhearbhaigh ceithre chalafort de chuid na Danmhairge nach dtéann siad i gcomhairle le geallsealbhóirí. Cé is moite den phleanáil spásúil, i mbeagnach gach catagóir de chúiseanna le comhairliúchán, tá méadú tagtha ar an líon comhairliúchán ó cuireadh an Rialachán i bhfeidhm. I gcás bearta chun sábháilteacht a áirithiú i limistéar an chalafoirt, lena n-airítear, i gcás inarb iomchuí, sláinte agus sábháilteacht oibrithe calafoirt, is ea ba shuntasaí a bhí an méadú sin. Léiríodh sa staidéar go raibh an ceanglas comhairliúcháin atá in Airteagal 15 den Rialachán éifeachtach.

Airteagal 16 den Rialachán (gearáin a láimhseáil)

Ceanglaítear le hAirteagail 16, 17 agus 19 ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina nósanna imeachta agus a gcomhlachtaí náisiúnta um láimhseáil gearán (Airteagal 16), faoi na húdaráis ábhartha (Airteagal 17) agus faoin gcóras pionós (Airteagal 19).

Faoin 24 Márta 2019, ceanglaíodh ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas: (i) a nós imeachta chun gearáin a láimhseáil; agus (ii) a n-údaráis atá i gceannas ar ghearáin a láimhseáil (Airteagal 16(7) den Rialachán).

Faoin sprioc-am, is é sin an 24 Márta 2019, bhí a n-oibleagáidí iomlána maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag 8 gcinn de na 23 Bhallstát[13] mhuirí a bhí ann an tráth sin. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2019, bhí a n-oibleagáidí iomlána maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag 14 Bhallstát mhuirí, agus sheol an Coimisiún litir chuig na Ballstáit mhuirí eile inar meabhraíodh dóibh a n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt. Faoi mhí an Mheithimh 2020, bhí a n-oibleagáidí iomlána maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag 16 Bhallstát san iomlán. Faoin am sin, ní raibh a n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ach go páirteach ag trí Bhallstát bhreise. Dá bhrí sin, thionscain an Coimisiún roinnt nósanna imeachta um shárú, a dúnadh ina dhiaidh sin nuair a bhí a n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag na Ballstáit nó nuair a thug siad aghaidh ar na casaoidí ó thaobh substainte de[14].

Ar dháta foilsithe na tuarascála seo, tá a n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt curtha i gcrích ag na Ballstáit mhuirí uile[15].

De réir na faisnéise a fuarthas ó na Ballstáit, is féidir comhlachtaí láimhseála gearán a ghrúpáil i gcatagóirí éagsúla: (i) údaráis rialála atá i gceannas ar iompar; (ii) údaráis mhuirí; (iii) údaráis iomaíochta nó tomhaltóirí nó margaidh; (iv) aireachtaí atá i gceannas ar an mbeartas iompair; agus fiú (v) comhlachtaí a cruthaíodh go sonrach chun gearáin a bhaineann le calafoirt a láimhseáil.

Tar éis dó seiceálacha comhréireachta a dhéanamh ar na fógraí a fuarthas, i mí Iúil 2023, thionscain an Coimisiún imeacht um shárú INFR(2021)2041 in aghaidh na Gearmáine as an méid seo a leanas: (i) gan na comhlachtaí láimhseála gearán a shainaithint le haghaidh calafort i gcuid dá réigiúin; (ii) gan na comhlachtaí láimhseála gearán le haghaidh calafort i réigiúin eile sa Ghearmáin a shainaithint leis an leibhéal cinnteachta is gá; agus (iii) nach raibh na comhlachtaí ainmnithe láimhseála gearán i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 16(2)

[13] i.e. Ballstáit a bhfuil calafort muirí amháin ar a laghad acu.

[14] I mí Iúil 2020, thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh ceithre Bhallstát nár chomhlíon aon cheann dá n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin am sin: INFR(2020)2210 – an Bheilg, INFR(2020)2211 – an Chipir, INFR(2020)2212 – an Íslitír agus INFR(2020)2213 – an Phortaingéil. Faoi mhí na Nollag 2022, bhí a n-oibleagáidí uile maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag gach ceann de na ceithre Bhallstát agus faoi mhí Aibreáin 2023 bhí na cásanna comhfhreagracha um shárú dúnta.
I mí an Mheithimh 2021, thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh trí Bhallstát nár chomhlíon aon cheann dá n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin am sin: INFR(2021)2042 – An Chróit, INFR(2021)2043 – An Iodáil agus INFR(2021)2044 – An tSlóivéin. Faoi mhí na Samhna 2021, bhí a n-oibleagáidí uile maidir le fógra a thabhairt comhlíonta ag dhá ceann de na Ballstát sin agus faoi mhí na Bealtaine 2022 bhí na cásanna comhfhreagracha um shárú dúnta. Dúnadh an nós imeachta um shárú deireanach a bhí fágtha i mí na Nollag 2025.

[15] Tugtar forléargas ar na fógraí ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/maritime/ports/port-services-regulation_en

den Rialachán. Tar éis don Ghearmáin aghaidh a thabhairt ar na casaoidí, dúnadh an nós imeachta um shárú i mí na Bealtaine 2025.

Fuarthas amach sa staidéar go raibh sé chomhlacht bainistíochta calafoirt ina n-ábhar gearán. Rinneadh gearáin i leith seirbhísí calafoirt freisin, lena n-áirítear gearáin ó longúinéirí go sonrach. Is fiú a thabhairt faoi deara, de réir an aiseolais a fuarthas ó na Ballstáit mar chuid den staidéar tacaíochta, nár chuir ach trí Bhallstát – an Danmhairg, Éire agus an tSualainn – an Coimisiún ar an eolas faoi na gearáin a fuair siad. I bhformhór na mBallstát, tá an fhoirm láimhseála gearán ar fáil sa teanga áitiúil agus i mBéarla. Maidir le malartú faisnéise faoi chur i bhfeidhm Airteagal 16 (lena gcumhdaítear láimhseáil gearán), tuairiscítear sa staidéar tacaíochta comhar den sórt sin idir an Danmhairg agus an tSualainn, agus idir an Pholainn agus an tSlóivéin. Molann an Coimisiún an comhar sin, i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Rialachán. I gcomhréir le hAirteagal 16(7), d'fhoilsigh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir lena gcomhlachtaí láimhseála gearán[16].

Airteagal 17 den Rialachán (údaráis ábhartha)

Ceanglaíodh ar na Ballstáit leis an Rialachán freisin a áirithiú go gcuirfí úsáideoirí calafoirt agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar an eolas faoi na húdaráis ábhartha dá dtagraítear sna háiteanna seo a leanas: (i) Airteagal 11(5) (i gcomhthéacs gearáin faoi thrédhearcacht an chaidrimh airgeadais); (ii) Airteagal 12(3) (i gcomhthéacs gearáin faoi mhuirir seirbhíse calafoirt); agus Airteagal 13(6) (i gcomhthéacs gearáin faoi mhuirir bonneagair calafoirt) agus nach mór do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na húdaráis sin. Tá an fhaisnéis sin foilsithe ag an gCoimisiún[17].

De réir na faisnéise a fuarthas ó na Ballstáit, áirítear an méid seo a leanas ar na cineálacha údarás ábhartha: (i) údaráis rialála atá i gceannas ar iompar; (ii) údaráis mhuirí; (iv) aireachtaí atá i gceannas ar an mbeartas iompair nó calafoirt; nó i gcás inarb ábhartha; (iv) aireachtaí eile, údaráis iomaíochta eile nó comhlachtaí calafort-sonracha eile chun gearáin a láimhseáil.

Airteagal 18 den Rialachán (achomharc)

Níorbh fhéidir leis an staidéar faisnéis a fháil maidir le hachomhairc in aghaidh na gcinntí nó na mbeart aonair a ghlac comhlacht bainistíochta an chalafoirt, an t-údarás inniúil, nó aon údarás náisiúnta ábhartha eile faoin Rialachán.

Airteagal 19 den Rialachán (pionóis)

Ceanglaíodh ar na Ballstáit faoin Rialachán an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na rialacha a leagan síos maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán; agus (ii) gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Ceanglaíodh ar na Ballstáit freisin fógra a

[16] https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/maritime/ports/port-services-regulation_en
[17] https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/maritime/ports/port-services-regulation_en

thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin. Mar sin féin, murab ionann agus na rialacha maidir le gearáin a láimhseáil agus fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na húdaráis ábhartha, níl aon cheanglas ar an gCoimisiún maidir le foilsiú i ndáil le pionóis. Níor nochtadh aon fhaisnéis bhreise sa staidéar tacaíochta.

Airteagal 20 den Rialachán (Tuarascáil - Dul chun cinn a rinneadh faoi chreat Choiste an Aontais um Idirphlé Earnála in Earnáil na gCalafort)

Chomh maith leis an tuarascáil seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú agus éifeacht an Rialacháin, ceanglaítear le hAirteagal 20 den Rialachán go gcuirfear san áireamh sa tuarascáil seo aon dul chun cinn a rinneadh mar chuid de Choiste an Aontais um Idirphlé Earnála in Earnáil na gCalafort. Ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm, tionóladh 22 chruinniú den Choiste um Idirphlé Earnála in Earnáil na gCalafort. Éacht mór i measc na gcomhpháirtithe sóisialta a tháinig le chéile sa choiste sin is ea an comhaontú ar thángthas air in 2023 maidir le hoiliúint d'oibrithe calafoirt i ndáil le coimeádáin thoitrithe. Phléigh Coiste an Aontais um Idirphlé Earnála in Earnáil na gCalafort an méid seo a leanas freisin: (i) tionchar na n-athruithe teicneolaíochta ar an earnáil; (ii) tionchar bheartas iomaíochta an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán Blocdhíolúine maidir le Cuibhreannais ar an earnáil; (iii) treoirlínte maidir le tionóiscí a chosc i gcalafoirt; (iv) sábháilteacht ar bord; (v) scileanna agus oiliúint; (vi) mná agus daoine óga in earnáil na gcalafort; (viii) ceanglais an Aontais maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte bulc-iompróirí; (viii) sábháilteacht mhuirí; (ix) an tionchar a bheadh ag leathnú an chórais trádála astaíochtaí chuig earnáil an mhuiriompair; agus (x) straitéis Eorpach maidir le calafoirt.

Sa tréimhse roimh chruinniú Choiste an Aontais um Idirphlé Earnála maidir le Calafoirt an 5 Feabhra 2026, chuir na trí eagraíocht ar leibhéal an Aontais a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe calafoirt a dtuairim in iúl go raibh torthaí inláimhsithe teoranta mar thoradh ar an idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais agus chuir siad an Coimisiún agus na comhpháirtithe sóisialta aitheanta eile ar an eolas faoina gcinneadh tarraingt siar ón gCoiste. Thug an Coimisiún an cinneadh dá aire, agus é fós tiomanta don idirphlé sóisialta agus don chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta chun rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile i bhforbairt beartais a áirithiú.

Airteagal 21 den Rialachán (bearta idirthréimhseacha)

Tá rialacha san Airteagal sin maidir le **bearta idirthréimhseacha**, ina luaitear an méid seo a leanas:

- níl feidhm ag an Rialachán i ndáil le conarthaí seirbhíse calafoirt a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 agus atá teorannaithe ó thaobh ama de;
- conarthaí seirbhíse calafoirt a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 nach bhfuil teorannaithe ó thaobh ama de, nó a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu, leasófar iad chun go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán faoin 1 Iúil 2025.

Fuarthas amach sa staidéar gur dhearbhaigh seacht n-údarás calafoirt nach raibh aon chonradh seirbhíse calafoirt acu a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 agus a bhí teoranta ó thaobh ama de nó a bhí i bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Ar an taobh eile, dhearbhaigh comhlachtaí bainistíochta calafoirt eile go raibh conarthaí den sórt sin acu i dtaobh cineálacha áirithe seirbhísí calafoirt. Dhearbhaigh an cúigiú cuid de na soláthraithe

seirbhíse calafoirt a d'fhreagair go raibh conradh acu a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus a bhí teoranta ó thaobh ama de. Ní raibh aon chonradh seirbhíse calafoirt tugtha i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 ag aon cheann de na comhlachtaí bainistíochta nach raibh teoranta ó thaobh ama de. Mar sin féin, bhí conarthaí den sórt sin ag roinnt soláthraithe seirbhíse calafoirt, le tréimhse chairde den chuid is mó chun an Rialachán a chomhlíonadh. Léiríodh sa staidéar aimsithe fíoras go raibh conarthaí den sórt sin i bhfeidhm ag Ballstát amháin do gach cuideachta píolótaíochta atá ag feidhmiú sa Bhallstát sin. Meabhraítear faoi Airteagal 21(2) den Rialachán gur cheart conarthaí seirbhíse calafoirt a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 nach bhfuil teorannaithe ó thaobh ama de, nó a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu a bheith leasaithe chun go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo faoin 1 Iúil 2025.

Airteagal 22 den Rialachán (teacht i bhfeidhm)

Ar deireadh, tá **iarchur** 2 bhliain ar **dháta chur i bhfeidhm** an Rialacháin san Airteagal seo óna dháta teacht i bhfeidhm, rud a chiallaíonn nár tháinig sé i bhfeidhm go dtí an 24 Márta 2019.

3. LEASUITHE AR AN RIALACHÁN AGUS A GCUR CHUN FEIDHME

Ó glacadh é an 14 Feabhra 2017, rinneadh leasú amháin is infheidhme ar an Rialachán, is é sin Rialachán (AE) 2020/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], lenar cuireadh ar a gcumas do chomhlachtaí bainistíochta nó d'údaráis inniúla solúbthacht a sholáthar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020 i leith thobhach na muirear bonneagair calafoirt mar gheall ar ráig COVID-19.

I gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/697, féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt nó an t-údarás inniúil a chinneadh íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt atá dlite don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020 a tharscaoileadh, a chur ar fionraí, a laghdú nó a iarchur.

De réir sonraí a bailíodh leis an staidéar tacaíochta, bhain cúig Bhallstát le haghaidh gach calafoirt ina dtír féin, sé chomhlacht bainistíochta den chalafort agus údarás inniúil amháin úsáid as na féidearthachtaí thuasluaite a deonaíodh le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/697. Tá mionsonraí na mbeart a cuireadh chun feidhme le fáil sa staidéar tacaíochta.

[18] Rialachán (AE) 2020/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/352, ionas go mbeidh an comhlacht bainistíochta calafoirt nó an t-údarás inniúil in ann solúbthacht a sholáthar i leith thobhach na muirear ar bhonneagar calafoirt i gcomhthéacs ráig COVID-19, IO L 165, 27.5.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/697/oj.

4. CONCLÚID

Ó glacadh an Rialachán 9 mbliana ó shin, cuireadh an Rialachán chun feidhme de réir a chéile le roinnt moilleanna.

Sular cuireadh an Rialachán i bhfeidhm, shainaithin na Ballstáit agus na geallsealbhóirí an gá le comhairle a fháil ón gCoimisiún maidir le roinnt forálacha chun a mbrí a shoiléiriú. Chuir an Coimisiún an treoraíocht sin ar fáil in 2018 chun cuidiú le cur chun feidhme cuí an Rialacháin. Bhí líon teoranta gearán agus nósanna imeachta um shárú ann a bhain le cur i bhfeidhm mícheart an Rialacháin.

Maidir le forfheidhmiú, dhírigh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin ar oibleagáidí na mBallstát maidir le fógra a thabhairt. Chuimsigh sé sin, nuair ba ghá, roinnt nósanna imeachta um shárú a sheoladh a ndearnadh an éifeacht a bhí beartaithe a bhaint amach leo uile i ndáil lena áirithiú go gcomhlíontar oibleagáidí na mBallstát maidir le fógra a thabhairt .

Deonaíodh le Rialachán (AE) 2020/697 an fhéidearthacht do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt nó don údarás inniúil a chinneadh íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt atá dlite don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020 a tharscaoileadh, a chur ar fionraí, a laghdú nó a iarchur i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Is ar éigean a bhain calafoirt Eorpacha úsáid as an bhféidearthacht shealadach sin, agus níor measadh gur ghá síneadh a chur leis an mbeart.

Measann an Coimisiún, ar an iomlán, go bhfuil cur chun feidhme chreat an Aontais maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán agus go bhfuil sé sásúil.

Mar sin féin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí chun faireachán a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm ceart sna 327 gcalafort den ghréasán tras-Eorpach iompair.